C/2026/5523

20.10.2026

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Deireadh Fómhair 2026

lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair thar ceann na Cróite

(C/2026/5523)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair [1], agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 5 Márta 2025 [2], cheap an Chomhairle lánchomhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 6 Márta 2025 go dtí an 5 Márta 2028.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir ionadaithe na gceardchumann tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Sunčica BRNARDIĆ a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag Rialtas na Cróite don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Mate ŠIMIĆ ina chomhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Sunčica BRNARDIĆ, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 5 Márta 2028.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 13 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

[1] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.

[2] Cinneadh ón gComhairle an 5 Márta 2025 lena gceaptar lánchomhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (IO C, C/2025/1689, 13.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1689/oj).